Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13306/23**

**SOC 634**
**EMPL 453**
**ECOFIN 915**
**EDUC 364**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um Chosaint Shóisialta |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Príomhdhúshláin Shóisialta: Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste um Chosaint Shóisialta bunaithe ar an Athbhreithniú Bliantúil ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta<br>- Formhuiniú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí na príomhtheachtaireachtaí bunaithe ar an athbhreithniú bhliantúil ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta (SPPM) agus ar fhorbairtí i mbeartais cosanta sóisialta, arna curtha chun críche an 26 Meán Fómhair 2023 ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta, d'fhonn go bhformhuineoidh an Chomhairle (EPSCO) iad an 9 Deireadh Fómhair 2023.

Féadfar an tuarascáil iomlán a fháil in 13306/23 ADD 1.

Tá Próifílí Tíre an Mhonatóra ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta (SPPM) atá i gceangal leis an tuarascáil seo le fáil in 13306/23 ADD 2-4.

**Na príomhtheachtaireachtaí**

1. **Agus a shainordú mar a leagtar amach in Airteagal 160 CFAE é á chomhlíonadh aige, tá athbhreithniú bliantúil déanta ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta (SPC) don Chomhairle ar an staid shóisialta san Aontas agus ar na forbairtí beartais sna Ballstáit,** bunaithe ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil. Ar an mbonn sin, cuireann SPC chun suntais na torthaí agus na tosaíochtaí coiteanna seo a leanas, ar cheart dóibh a bheith mar threoir don obair ullmhúcháin don Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe, 2024.

2. Thosaigh **cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin** in 2022, tráth ar léirigh an Eoraip comharthaí láidre téarnaimh tar éis an tsuaite eacnamaíoch a tharla mar gheall ar phaindéim COVID-19, suaitheadh nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Tháinig meathlú géar eacnamaíoch ina dhiaidh sin. Tháinig moill ar **fhás eacnamaíoch** san Aontas le linn 2022, ach in ainneoin an imní i dtaca le cúlú eacnamaíoch, léiríodh athléimneacht gheilleagar na hEorpa i gcomhthéacs dúshlánach domhanda leis an bhfás dearfach a bhí ann sa chéad leath de 2023. Choinnigh an fhostaíocht iomlán de bheith ag méadú in 2022, cé go raibh sé níos moille le linn na bliana, agus bhí an ráta **fostaíochta** do na daoine idir 20-64 bhliain d'aois ag 75.3 % sa chéad ráithe de 2023. D’fhan an ráta dífhostaíochta an-chobhsaí ag 6.2 % le linn 2022 (a bhí go mór faoi bhun an ráta 6.5 % a bhí ann i mí an Mhárta 2020, díreach sular thosaigh géarchéim COVID-19), agus bhí an ráta ab ísle riamh, 5.9 %, ann i mí Aibreáin 2023, mar a raibh na rátaí rannpháirtíochta agus fostaíochta ard ag an am.

3. Tháinig ardú mór ar **phraghsanna** ó mhí Feabhra 2022 nuair a chuir an Rúis tús lena cogadh foghach. Cé gur ardaithe i bpraghsanna fuinnimh ba chiontaí leis an méadú sin ar phraghsanna i dtús báire, bhí níos mó brúnna ann de réir mar a d’imir na costais níos airde fuinnimh tionchar ar bhia, ar sheirbhísí agus ar earraí eile. Bhí tionchar aige sin ar phraghsanna do thomhaltóirí agus, dá réir, ar chumhacht ceannaigh teaghlach, go háirithe teaghlaigh ar ioncam íseal a chaitheann céatadán níos airde dá n-ioncam ar fhuinneamh agus ar bhia. Mar sin féin, tar éis a bheith ag an bpointe is airde in 2022, lean an boilsciú ceannlíne ag laghdú sa chéad ráithe de 2023 nuair a mhoilligh praghsanna fuinnimh go mór.

4. Tháinig laghdú ar an bhfás bliain ar bhliain in **ioncam comhiomlán réadach teaghlaigh** san Aontas in 2022, agus bhí sé diúltach sa tríú agus sa cheathrú ráithe. Ba léiriú é sin go príomha ar an tionchar a bhí ag an méadú sa bhoilsciú agus ag an titim sa chúiteamh réadach d'fhostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe, chomh maith le ranníocaíocht diúltach iarbhír bliain ar bhliain ó (ghlan)sochair shóisialta. Sa chéad ráithe de 2023, d'fhan ioncaim teaghlaigh cobhsaí den chuid is mó thar aon bhliain amháin i dtéarmaí réadacha (+ 0.3 %), rud a léiríonn go raibh an laghdú ar phá réadach (ranníocaíocht - 0.9 %) cothromaithe den chuid is mó le cánacha, sochair agus aistrithe eile (ranníocaíocht + 0.9 %).

5. **A mhéid a bhaineann leis an dul chun cinn i dtreo sprioc 2030 maidir leis an mbochtaineacht a laghdú, bhí cobhsaíocht, ar an iomlán, san Aontas in 2022 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin** (agus laghdú 0.1 pointe céatadáin ar an ráta baoil bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta) **agus le 3 bliana anuas.** Léirítear leis an gcobhsaíocht sin go bhfuil laghdú tagtha ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta[1] agus ar líon na ndaoine atá ina gcónaí i dteaghlaigh (gar-)dhífhostaithe, ach gur tháinig méadú ar an ngné diandíothachta ábharaí agus sóisialta. Ar leibhéal na mBallstát, thuairiscigh an ceathrú cuid de na tíortha titim shuntasach ina rátaí baoil bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta in 2022. Níor thaifead formhór na mBallstát aon athrú suntasach sna rátaí acu. Os a choinne sin, tháinig méadú ar na rátaí i mBallstát áirithe ina raibh rátaí níos ísle ná an meánráta, agus tháinig laghdú ar na rátaí i bhformhór na mBallstát a raibh rátaí níos airde acu ná an meánráta, rud a léirigh cóineasú áirithe i bhfeidhmíocht na mBallstát. Tugtar le fios freisin sna **tobmheastacháin ó Eurostat a thagraíonn d'ioncaim 2022,** ar an meán, go raibh an bhochtaineacht seasmhach den chuid is mó in 2022.

[1] Baineann sin leis an ioncam in 2021.

6. **Is mar thoradh freisin ar bhearta tacaíochta ioncaim** an chobhsaíocht sin, bearta a cuireadh i bhfeidhm chun tionchar an bhoilscithe ard a mhaolú, rud a chuidigh leis an ioncam indiúscartha i dtéarmaí ainmniúla. Deimhnítear leis sin an tionchar dearfach atá ag na bearta eisceachtúla a glacadh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát le 3 bliana anuas. Tá tionchar diúltach na paindéime, na ngéarchéimeanna fuinnimh agus boilscithe ar ioncaim á maolú acu go bunúsach, murab ionann agus an méid a tharla tar éis ghéarchéim airgeadais 2008. Mar sin féin, tá tionchar ag an méadú a tháinig ar an gcostas maireachtála ar ioncaim réadacha, agus feictear cuid de sin sa mheastachán ar ráta AROP a daingníodh in 2021[2] agus ina léirítear méadú i gcás tuairim is leath de na Ballstáit agus ina dtaispeántar go bhféadfadh meath teacht ar an gcaighdeáin mhaireachtála i roinnt tíortha. Go deimhin, cé go meastar go bhfuil méadú thart ar 7 % i dtéarmaí ainmniúla tagtha ar mheánioncam indiúscartha teaghlaigh san Aontas, tháinig laghdú thart ar 2 % air i dtéarmaí réadacha.

7. A mhéid a bhaineann leis an sprioc chomhlántach, **níor tháinig mórán athrú ar bhochtaineacht leanaí in 2022**, agus níl ach méadú imeallach (ardú 0.3 milliún) tagtha ar líon na leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i gcomparáid le 2021. Laghdú beag ar dhaonra na leanaí atá i mbaol bochtaineachta, laghdú níos suntasaí ar líon na leanaí atá ina gcónaí i dteaghlaigh (gar)fhostaithe, agus méadú ar líon na leanaí a bhfuil géardhíothacht ábharach agus shóisialta orthu is cúis leis sin. Mar sin féin, bhí líon na leanaí a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta in 2022 0.9 milliún níos airde ná mar a bhí i mbliain tagartha 2019.

---

2 Is iad na daoine i mbaol bochtaineachta a daingníodh in 2021 iad siúd a bhfuil ioncam indiúscartha coibhéisithe acu atá faoi bhun na tairsí i dtaca le baol bochtaineachta arna ríomh in 2021 agus arna choigeartú le héabhlóid ICPT idir 2021 agus 2022. Sainmhínítear táscaire daingnithe AROP mar chéatadán de na daoine sa daonra iomlán atá faoin tairseach bochtaineachta sin atá coigeartaithe de réir boilscithe. Is léiriú é an táscaire ar chuid de na héabhlóidí a tháinig ar phraghsanna agus an tionchar a bhíonn acu ar ioncaim.

8. D’fhéadfaí **forbairtí dearfacha áirithe a** fheiceáil **sa staid shóisialta**, in ainneoin na ndúshlán atá ann i gcónaí, agus athruithe dearfacha á gclárú ag níos mó Ballstát le hais na mBallstát a bhfuil athruithe diúltacha á gclárú acu sna réimsí seo a leanas:

- laghdú ar an daonra a bhfuil cónaí orthu i **dteaghlaigh (gar-)dífhostaíochta** i mbeagnach leath de na Ballstáit agus ar na daoine i **ndífhostaíocht fhadtéarmach** i mbeagnach aon trian de na Ballstáit, agus **ráta fostaíochta** na n-oibrithe scothaosta i mbeagnach gach Ballstát ag méadú i gcónaí, rud a léiríonn feabhsuithe i margadh an tsaothair;

- tháinig feabhas ar an staid i dtaca leis **an aos óg** freisin, mar ar tháinig ísliú ar líon na ndaoine nach raibh i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna) agus mar ar tháinig laghdú ar ráta foriomlán an Aontais freisin;

- tháinig laghdú suntasach ar **dhoimhneacht na bochtaineachta** freisin (i.e., bearna choibhneasta airmheánach riosca na bochtaineachta) i gcás an phobail i gcoitinne i níos mó ná aon trian de na Ballstáit agus i measc leanaí chomh maith.

9. Mar sin féin, bhí roinnt réimsí ann ar cheart **súil a choinneáil orthu** maidir leis na forbairtí is déanaí, eadhon:

- méaduithe ar an ráta **géardhíothachta ábharaí agus sóisialta** agus ar an ngnáthráta díothachta ábharaí agus sóisialta don daonra i gcoitinne agus do leanaí i dtuairim is aon trian de na Ballstáit, lena dtugtar le fios go ndeachaigh ioncam indiúscartha réadach teaghlach in olcas in 2022, de réir mar a tháinig laghdú ar inacmhainneacht i dtaca le go leor earraí mar gheall ar an méadú ar bhoilsciú. Léiríodh é sin freisin sna méaduithe suntasacha a tháinig ar an ráta **ró-ualaigh** maidir le **costas tithíochta** i dtíortha áirithe;

- **meath ar an mbochtaineacht agus ar an staid ioncaim choibhneasta i measc daoine scothaosta** (65 bliana d'aois nó níos sine), agus arduithe i ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta ina measc i mbeagnach a leath de na Ballstáit. Na hioncaim choibhneasta ó phinsin, arna léiriú leis an gcóimheas comhiomlán athsholáthair, d'éirigh siad níos measa san oiread céanna Ballstát, a bheag nó a mhór.

- forbairtí measctha i ndáil le roinnt **neamhionannais ioncaim**, agus meath i mbeagnach leath de na Ballstáit ach feabhas sa líon céanna Ballstáit a bheag nó a mhór.

10. Leagtar amach i g**Colún Eorpach na gCeart Sóisialta** an creat is gá le haghaidh gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát. In éineacht le **trí phríomhsprioc an Aontais** i réimsí na fostaíochta, scileanna agus laghdú na bochtaineachta, cuideoidh an Colún le cóineasú sóisialta aníos a bhaint amach i measc na mBallstát. Ós rud é go bhfuil na spriocanna idirspleách agus go dtreisíonn siad a chéile, ba cheart **gníomhaíochtaí beartais comhleanúnacha** a dhéanamh sna réimsí beartais uile.

11. Ba cheart do na Ballstáit leanúint de **ghníomhaíochtaí spriocdhírithe a dhéanamh chun tionchar na méaduithe ar phraghsanna agus na luaineachta sna praghsanna a mhaolú**. Ba cheart cumhacht ceannaigh teaghlach a chosaint, go háirithe i gcás teaghlach ar ioncam íseal a chaitheann cion níos mó dá n-ioncam ar fhuinneamh agus ar bhia (agus ar sheirbhísí riachtanacha eile) agus a ndéanann díothacht ábharach agus shóisialta difear dóibh i rith an ama. Sa chomhthéacs sin, is féidir le **measúnú ar thionchar dáileacháin na mbeartas agus na n-athchóirithe** cuidiú le cosc a chur ar éifeachtaí díobhálacha sóisialta na mbeart ar an mbochtaineacht agus ar neamhionannais agus ba cheart an measúnú sin a úsáid ar bhealach níos córasaí nuair a bhíonn bearta athchóirithe á gceapadh agus an buiséad á shocrú.

12. Agus éiginnteacht ag baint le cúrsaí idirnáisiúnta agus eacnamaíoch faoi láthair, ba cheart **beartais cosanta sóisialta agus cuimsithe arna dtacú ag an infheistíocht shóisialta** a bheith ag gabháil le **dinimic dhearfach na fostaíochta faoi chuimsiú an téarnaimh tar éis COVID-19**, chun fás cothrom a áirithiú, chun cur leis an bhfeabhas i dtaca le hathléimneacht na ngeilleagar agus na sochaithe agus chun na rioscaí do theaghlaigh agus do dhaoine aonair leochaileacha a laghdú, lena n-áirítear na cinn a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.

13. Ba cheart do na Ballstáit leanúint **dá gcórais cosanta sóisialta agus cuimsithe shóisialta a nuachóiriú**, agus aird á tabhairt ar leordhóthanacht, cumhdach agus úsáid sochar, agus iad comhcheangailte go héifeachtach le bearta maidir le cuimsiú gníomhach, ag tógáil freisin ar na ceachtanna a foghlaimíodh le linn ghéarchéim COVID-19 agus bearta níos buaine á gceapadh acu ag an am céanna. Ba cheart dóibh líontáin sábhála shóisialta láidre a sholáthar, agus iad a neartú i gcás inar gá, trí thacaíocht leordhóthanach ioncaim (trí shochair ioncaim íosta agus sochair airgeadaíochta eile ag gabháil leo), sochair chomhchineáil, agus rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin agus bunriachtanacha a chomhtháthú, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach. Ní mór sochair a shimpliú agus a chuíchóiriú freisin chun úsáid na sochar a áirithiú, agus tá innéacsú leordhóthanach na sochar sin ríthábhachtach i gcomhthéacs na rátaí arda boilscithe atá ann faoi láthair.

14. Ba cheart **cosaint shóisialta do gach oibrí agus do gach oibrí féinfhostaithe** a chothú, i gcomhréir le Moladh 2019 ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe. Léirítear sa tuarascáil ar chur chun feidhme an Mholta go bhfuil éagsúlacht shuntasach i leibhéal uaillmhéine na mBallstát maidir le cumhdach foirmiúil agus éifeachtach a áirithiú trí bhíthin scéimeanna cosanta sóisialta atá leordhóthanach agus trédhearcach. Tá athchóirithe tábhachtacha beartaithe ag tuairim is leath de na Ballstáit chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht i scéimeanna cosanta sóisialta le haghaidh catagóirí sonracha daoine i margadh an tsaothair; níor cuireadh chun feidhme iad ar fad go fóill, áfach. Is iomaí Ballstát inar lú an bhéim a cuireadh ar chumhdach éifeachtach a áirithiú sna pleananna náisiúnta cur chun feidhme, go háirithe trí na rialacha lena rialaítear teidlíochtaí a oiriúnú, agus ba lú freisin an bhéim ar an trédhearcacht a fheabhsú. Dá bhrí sin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí cur chun feidhme chun na bearnaí atá ann cheana a dhúnadh.

15. I bhfianaise **bochtaineacht leanaí** a bheith ag dul in olcas, tá gá le bearta chun tarchur na bochtaineachta ó ghlúin go glúin a bhriseadh, ina measc tríd an Moladh ón gComhairle lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chur chun feidhme. Go háirithe, tá infhaighteacht, cáilíocht agus inacmhainneacht an oideachais agus an chúraim luath-óige ríthábhachtach chun tacú le forbairt scileanna agus inniúlachtaí leanaí, agus chun tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí i margadh an tsaothair.

16. Leis an ngéarchéim fuinnimh, léiríodh gur gá rochtain ar **sheirbhísí bunriachtanacha** a áirithiú, go háirithe chun na tionchair dhiúltacha shóisialta a bhaineann le praghsanna atá ag ardú a mhaolú. Dearbhaíodh sa tuarascáil ón gCoimisiún le déanaí maidir le rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha, cé go bhfuil rochtain ag formhór dhaonra an Aontais ar sheirbhísí bunriachtanacha (lena n-áirítear fuinneamh, uisce, sláintíocht, iompar agus seirbhísí digiteacha), gurb iad na daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta agus iad siúd is mó atá imeallaithe, gurb rompu siúd atá na bacainní is mó maidir le rochtain a fháil ar na seirbhísí sin. Cuireadh in iúl sa tuarascáil go bhféadfadh an inacmhainneacht a bheith ina bacainn shuntasach ar rochtain chothrom, go háirithe i gcás an fhuinnimh, ach, i gcás na cumarsáide digití, an iompair, an uisce agus na sláintíochta chomh maith céanna. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an m**bochtaineacht fuinnimh** chun cothroime a áirithiú san aistriú glas, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú. Cruthaíonn infhaighteacht agus inrochtaineacht deacrachtaí maidir le rochtain freisin, dúshláin a mbíonn baint acu uaireanta le bacainní eile, mar shampla easpa scileanna nó tosca geografacha (an deighilt idir ceantair uirbeacha agus thuaithe, réigiúin iargúlta agus oileánacha). Le maoiniú ón Aontas, lena n-áirítear an Plean REPowerEU, is féidir tacú le hiarrachtaí na mBallstát dul i ngleic leis na cásanna éiginnte atá ann faoi láthair agus leis na dúshláin struchtúracha a bhaineann le rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha.

17. Le Cuntasaíocht Shóisialta Théamach 2023, rinneadh bearta eisceachtúla na mBallstát agus na bearta atá ann faoi láthair a mheas ó thaobh **dul i ngleic leis an ngéarchéim fuinnimh agus an ghéarchéim maidir leis an gcostas maireachtála**. Agus muid ag breathnú chun cinn, tá gá leanúint de bheith dírithe ar na beartais lena dtéitear i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh. Maidir le straitéisí náisiúnta fadtéarmacha, ní mór na hoiriúnuithe a dhéanfar ar chórais cosanta sóisialta agus ar chórais cuimsithe shóisialta agus ar sheirbhísí sóisialta a thabhairt le chéile. Cuidíonn bearta buana, go háirithe sásraí innéacsaithe maidir le pá agus sochair shóisialta, leis na héifeachtaí a bhíonn ag boilsciú ard ar ioncaim réadacha agus ar chaighdeáin mhaireachtála a mhaolú. I ndáil leis sin, is léir nár cuireadh ‘tuilleadh borrtha faoin mboilsciú’ de bharr na mbeart sin go nuige seo. Is bearta sealadacha (82 %) den chuid is mó iad na bearta tacaíochta chun bochtaineacht fuinnimh a chomhrac go sonrach trí chur leis an inacmhainneacht fuinnimh agus is gnách gur bearta uilíocha iad na bearta sin. Cuirfear deireadh leis na bearta sealadacha sin faoi dheireadh 2023, rud a thugann le fios go mb’fhéidir go gcaithfí leanúint de bheith dírithe ar na beartais chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh ar bhealach níos struchtúrtha. Tá gá le cineálacha cur chuige spriocdhírithe freisin chun tionchair dhiúltacha na géarchéime a mhaolú ar bhealach níos éifeachtaí dóibh siúd atá níos leochailí agus dóibh siúd is mó atá buailte. Ba cheart struchtúir thiomnaithe a chur chun feidhme chun measúnú a dhéanamh ar bhochtaineacht fuinnimh, chun faireachán a dhéanamh uirthi agus dul i ngleic léi, d’fhonn bearta um beartas éigeandála a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr.

18. Ba cheart tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh **tithíocht inacmhainne** a chur ar fáil, lena n-áirítear tithíocht shóisialta agus/nó tithíocht inacmhainne ar cíos, trí bhíthin pleananna, athchóirithe agus infheistíochtaí. Ba cheart do na Ballstáit aird a thabhairt freisin ar riachtanais shonracha tithíochta, mar shampla tithíocht do dhaoine atá i staideanna leochaileacha agus do dhaoine faoi mhíchumas. Ba cheart beartais chun díshealbhaithe agus‘tithíocht ar dtús’ **do dhaoine gan dídean**, mar aon le beartais dídheighilte, a chur i bhfeidhm. Tá gá le creataí faireacháin níos láidre agus comhar méadaithe idir beartais thithíochta (lena n-áirítear rialú cíosa agus cánachas) agus beartais shóisialta eile (e.g. tacaíocht ioncaim agus sochair thithíochta) agus le seirbhísí (e.g. iompar). Tá na Ballstáit ag obair faoi chuimsiú an Ardáin Eorpaigh chun an easpa dídine a chomhrac chun deireadh a chur leis an easpa dídine faoi 2030.

19. I bhfianaise an bhoilscithe ard agus na mbeart maidir le méadú tobann ar chostais fuinnimh, is leochailí iad na **daoine ar scor** ós rud é gur lú an smacht agus solúbthacht atá acu maidir lena n-ioncam a choigeartú mar fhreagairt ar imthosca athraitheacha. Ba cheart do na Ballstáit caighdeáin mhaireachtála an daonra atá ar scor a chosaint trí bhearta a ghlacadh lena ndíreofar ar ghrúpaí leochaileacha, mar shampla pinsinéirí ar ioncam íseal. I gcomhréir leis na sainiúlachtaí náisiúnta, ba cheart féachaint ar bhearta breise spriocdhírithe (seachas innéacsú pinsean), cuir i gcás íocaíochtaí de réir tástáil acmhainne, ag brath ar an saghas córais pinsin atá ann. Ba cheart do na Ballstáit leanúint leis na hiarrachtaí chun éifeachtacht na cosanta sóisialta sa tseanaois, leordhóthanacht na bpinsean agus inbhuanaitheacht na gcóras pinsean a choimirciú, i gcomhthéacs athchóirithe struchtúracha chun dul i ngleic leis na dúshláin gur ag dul in aois a bheidh an daonra, go dtiocfaidh laghdú ar líon na nEorpach a bheidh in aois oibre, agus go dtiocfaidh athrú ar na margaí saothair. Is féidir feabhas a chur ar leibhéal na bpinsean agus ar inbhuanaitheacht fhioscach chóras na bpinsean, trí rannpháirtíocht mhéadaithe i margadh an tsaothair a chothú i gcoitinne nó tacú go sonrach le fostú oibrithe scothaosta.

20. Ní mór aghaidh a thabhairt ar laigí sistéamacha sna córais cúraim sláinte náisiúnta chun **rochtain ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh inacmhainne ardcháilíochta** a áirithiú, i bhfianaise an mhéadaithe mhóir ar an éileamh ar sheirbhísí sláinte agus ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh agus níos lú daoine in aois oibre a bheith ag ranníoc le scéimeanna cosanta sóisialta. Le bearta cur chun feidhme Mholadh 2022 ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ardcháilíochta, féadfar dul i ngleic leis na dúshláin sin. Tá soláthar cúraim fhadtéarmaigh ríthábhachtach freisin i gcomhthéacs rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair agus chun seasamh le cearta bunúsacha an duine i gcás daoine a bhfuil cúram de dhíth orthu. I gcomhréir le seirbhísí ardcháilíochta atá duineláraithe a chur ar fáil agus saor-rogha a urramú, chabhródh infheistíochtaí in aosú folláin, i gcosc agus in athshlánú leis an éileamh ar chúram fadtéarmach a laghdú. Ach seirbhísí sláinte agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a chomhtháthú ar bhealach níos fearr, féadfar freagairt níos fearr ar riachtanais chúraim agus a áirithiú freisin go mbainfear an úsáid is fearr as acmhainní airgeadais agus daonna teoranta. Ní mór díriú níos fearr ar chaighdeáin cháilíochta agus ar dhearbhú cáilíochta. Ní mór bearta a shaothrú chun dálaí oibre a fheabhsú agus chun baill foirne a choinneáil agus a mhealladh. Leis an digitiú agus réitigh nuálacha eile, féadfar feabhas a chur ar dhálaí oibre agus maireachtáil neamhspleách sa bhaile ar feadh achair ama níos faide a chumhachtú.

21. Tar éis phaindéim COVID-19, ba cheart do na Ballstáit leanúint de dhul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le **córais sláinte** na hEorpa, ar dúshláin iad atá ann cheana, agus feabhas a chur ar a n-athléimneacht agus a n-ullmhacht le haghaidh géarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Ba cheart a áireamh ar na hathchóirithe sin, saoráidí sláinte a uasghrádú, acmhainneachtaí sláinte poiblí a fheabhsú, dul i ngleic le ganntanas lucht saothair, cúram coisctheach a fheabhsú agus nuálaíochtaí a thabhairt isteach. Leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, tugtar tacaíocht shuntasach do na hiarrachtaí athchóirithe náisiúnta. Ní mór líontáin sábhála éifeachtacha a áirithiú chun rochtain ar chúram sláinte a chur ar fáil do na daoine is leochailí. Is den ríthábhacht go ndéanfar iarrachtaí breise chun feabhas a chur ar chúram comhtháite, lena n-áirítear comhordú le seirbhísí sóisialta, chun éifeachtúlacht an chúraim a fheabhsú. Le leathadh amach an teilileighis agus réiteach digiteach eile agus an deighilt dhigiteach á cur san áireamh, ba cheart go leanfaí le hinrochtaineacht an chúraim a fheabhsú agus le torthaí sláinte níos fearr a chur chun cinn don phobal. Is den ríthábhacht go ndéanfar cur chun cinn na sláinte agus cosc galar a neartú chun torthaí sláinte a fheabhsú. Tugadh dúshlán ar leith don mheabhairshláinte de dheasca phaindéim COVID-19 as ar eascair tionchair shuntasacha shóisialta agus bhí tionchar diúltach aige sin ar fholláine agus ar cháilíocht saoil daoine i gcoitinne, go háirithe i measc an aosa óig, dá réir. I gcomhréir leis an tionscnamh ón gCoimisiún le déanaí maidir leis an gcur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte, tá gá le hiarrachtaí chun cur chuige comhtháite, trasearnálach i leith na meabhairshláinte a fhorbairt, agus trí sheirbhísí meabhairshláinte a chomhtháthú sa chúram príomhúil agus trí aistriú chuig cúram pobalbhunaithe.

22. Is uirlis éifeachtach chomhordúcháin i gcónaí é an **Seimeastar Eorpach** chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach, iomaíochas, fostaíocht agus cosaint shóisialta leordhóthanach agus cuimsiú sóisialta a chothú. Ós rud é gur cuid de na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta iad go leor de na bearta athchóiriúcháin a rinne na Ballstáit, tá sé ríthábhachtach i gcónaí go mbeadh dlúthbhaint ag Comhairle EPSCO agus ag a comhlachtaí comhairleacha leis an bhfaireachán leanúnach ar chur chun feidhme na bpleananna sin.

23. Chun an Eoraip Shóisialta a neartú agus chun tacú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí faoi seach, ba cheart **idirphlé** cuiditheach a choinneáil ar bun idir institiúidí an Aontais, na Ballstáit, na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

24. Sa tuairim chothrománach chomhpháirteach leis an gCoiste Fostaíochta maidir le Seimeastar Eorpach 2023 do Chomhairle EPSCO i mí an Mheithimh 2023, d'iarr an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta go ndéanfaí comhordú níos dlúithe idir beartais eacnamaíocha, fhioscacha, fostaíochta agus shóisialta. Sa chomhthéacs sin, aithníonn na Coistí gur gá a n-uirlisí faireacháin a nuachóiriú, agus rioscaí a bhaineann leis an ualach riaracháin méadaithe á seachaint ag an am céanna. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ag an gCoiste ar na creataí faireacháin shóisialta, lena n-áirítear na huirlisí anailíseacha a úsáidtear i dtuarascáil bhliantúil an Choiste um Chosaint Shóisialta, agus tá cuid acu á n-athbhreithniú i gcomhar leis an gCoiste Fostaíochta de réir mar is iomchuí, chun na huirlisí atá ann cheana a shimpliú agus a chomhdhlúthú.

25. Iarrtar ar an gCoimisiún Eorpach an treoir bheartais thuasluaite a chur san áireamh san obair ullmhúcháin don Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe, 2024.